Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9728/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0071(COD)**

**CODEC 734**
**ECOFIN 651**
**FIN 622**
**MAMA 114**
**RELEX 693**
**PE 30**
***ECB***

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 16 go dtí an 19 Meitheamh 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), Bernd LANGE (S&D, DE), thar ceann INTA leasú comhréitigh (leasú uimhir 50) ar an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh, ar ullmhaigh Céline IMART (RE, FR) dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Ina theannta sin, thíolaic an grúpa The Left leasú amháin (leasú 51).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 18 Meitheamh 2025, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 50) ar an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

1 Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P10_TA(2025)0125

## Cúnaimh macrairgeadais don Éigipt

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte (COM(2024)0461 – C10-0009/2024 – 2024/0071(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0461),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0009/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 28 Bealtaine 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ag an gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0037//2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2024)0071**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 18 Meitheamh 2025 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Arabach na hÉigipte**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Forbraítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte ('an Éigipt') faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile[4] (an 'Comhaontú Comhlachais'), comhaontú atá i bhfeidhm ó bhí 2004 ann. Ghlac an tAontas agus an Éigipt an leagan is déanaí de Thosaíochtaí Chomhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus an hÉigipte (2021-2027) ag an naoú cruinniú den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Éigipt, arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais, an 19 Meitheamh 2022 (na 'Tosaíochtaí Comhpháirtíochta'). Leis na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, athdhearbhaítear an aidhm chomhpháirteach atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhchoiteanna atá os comhair an Aontais agus na hÉigipte, leasanna comhpháirteacha a chur chun cinn agus cobhsaíocht fhadtéarmach agus forbairt inbhuanaithe a ráthú ar dhá thaobh na Meánmhara. Tá an tiomantas comhroinnte do luachanna uilíocha an daonlathais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine fós mar bhonn taca faoi na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, mar a léirítear freisin sa Chlár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt le haghaidh na tréimhse 2021-2027 (an 'Clár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas agus an Éigipt').

---

[4] ***IO L 304, 30.9.2004, lch. 39.***

(2) Léiríonn na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta tiomantas comhroinnte an Aontais agus na hÉigipte an comhar a threisiú chun tacú le ‘Fís 2030 maidir le Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe’ na hÉigipte agus go bhfuil an tAontas meáite ar ghníomhú, le fuinneamh athnuaite, chun an chomhpháirtíocht le Comharsanacht an Deiscirt a neartú. Go háirithe, sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020, shainaithin an tAontas gur tosaíocht straitéiseach aige é Comharsanacht an Deiscirt a bheith daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla. I gClár Oibre an Aontais don Mheánmhuir agus i bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Aontais do Chomharsana an Deiscirt a leagtar amach i dTeachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 9 Feabhra 2021 dar teideal *Renewed partnership with the Southern Neighbourhood: A new Agenda for the Mediterranean* [Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt: Clár Oibre nua don Mheánmhuir], sonraítear go bhfuil sé de chuspóir ag an Aontas téarnamh agus athléimneacht shocheacnamaíoch, fhadtéarmach agus inbhuanaithe a bhaint amach agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach sa réigiún a chur chun cinn.

***(3) An 17 Márta 2024, chinn an Éigipt agus an tAontas, i gcomhpháirt le chéile, comhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach a dhéanamh den chaidreamh eatarthu, bunaithe ar luachanna an chothromais agus na hurraime frithpháirtí agus na muiníne frithpháirtí chun an chobhsaíocht, an tsíocháin agus an rathúnas iontu dís a neartú.***

(4) I gcomhréir leis na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, tá an tAontas agus an Éigipt tiomanta cuntasacht, an smacht reachta, lánurraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, cur chun cinn an daonlathais, chomh maith leis an gcomhionannas inscne agus comhdheiseanna mar chearta bunreachtúla a saoránach uile a áirithiú. Leis na gealltanais sin, rannchuidítear leis an gcomhpháirtíocht a chur chun cinn agus le forbairt inbhuanaithe ***shóisialta agus eacnamaíoch, dea-rialachas agus*** cobhsaíocht shocheacnamaíoch na hÉigipte. Mar gheall ar an rannpháirtíocht mhéadaithe agus chuiditheach idir an tAontas agus an Éigipt sa tréimhse is deireanaí, cuireadh tús le hidirphlé níos fónta maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine. ***Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais,*** cuireann an fochoiste um Ábhair Pholaitiúla, Cearta an Duine agus an Daonlathas, Saincheisteanna Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha, ▌ agus an Coiste Comhlachais ardáin institiúideacha ar fáil chun tuairimí a mhalartú maidir le réimse saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, rud ar mhaith leis an Aontas leanúint dó agus cur leis. An feabhas ***seasta*** a chuirfear, ***san am atá le teacht***, ar an staid um chearta an duine san Éigipt ***i bpríomhréimsí a bhaineann le cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus saoirsí bunúsacha a dtugann an dá chomhpháirtí aghaidh orthu go rialta i bhfóraim dhéthaobhacha agus idirnáisiúnta***, beidh tionchar dearfach aige ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Éigipt.

(5) Is tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (ICFCI-ED), go príomha, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], a chistítear an cúnamh don Éigipt. Ba é EUR 240 milliún leithdháileadh táscach an Aontais don Éigipt faoi ICFCI-ED le haghaidh na chéad tréimhse (2021-2024) den Chlár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas agus an Éigipt. Tá sé sin sa bhreis ar an bpunann leanúnach comhair ar fiú EUR 1,3 billiún í agus bearta tacaíochta buiséadaí agus éigeandála eile mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine dar luach EUR 307 milliún. Léirítear na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta le haghaidh 2021- 2027 sa Chlár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas agus an Éigipt, clár a ullmhaíodh i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, agus lena gcumhdaítear trí réimse leathana: (i) Geilleagar Nua-Aimseartha Inbhuanaithe agus Forbairt Shóisialta; (ii) Comhpháirtíocht sa Bheartas Eachtrach, agus (iii) An Chobhsaíocht a Fheabhsú. Tagann ICFCI-ED in ionad na hIonstraime Eorpaí Comharsanachta faoin arbh fhiú EUR 756 mhilliún cúnamh déthaobhach an Aontais don Éigipt le haghaidh na tréimhse 2014-2020.

---

5 Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

(6) Aithníonn an tAontas an ról lárnach atá ag an Éigipt maidir leis an tslándáil is an chobhsaíocht réigiúnach***, agus tá spéis mhór aige cosc a chur le héagobhsaíocht eacnamaíoch ghearrthéarmach a bheith ann san Éigipt a bhféadfadh móriarmhairtí a bheith aici agus tionchar diúltach a bheith aici ar an gcomhthéacs geopholaitiúil***. Tá an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe***, amhail gáinneáil ar dhaoine, an imirce neamhrialta, an bhréagaisnéis*** agus coinbhleachtaí, ina mbagairtí comhchoiteanna ar an tslándáil chomhchoiteann agus ar chreatlach sóisialta na náisiún ar an dá thaobh den Mheánmhuir. ***Aithníonn an tAontas gur rannchuidigh an Éigipt le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Thairis sin, tá an tslándáil fuinnimh ar cheann de na dúshláin is práinní a gcaithfidh tíortha ar dhá thaobh na Meánmhara dul i ngleic leo. Ní hé amháin go bhféadfadh an comhar idir an tAontas agus an Éigipt i leith an fhuinnimh a bheith ina fhoinse rathúnais eacnamaíoch don réigiún, ach d'fhéadfadh sé slándáil fuinnimh an Aontais a neartú freisin trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú agus trí chomhoibriú réigiúnach a spreagadh.*** Dá bhrí sin, tá sé de leas coiteann ag an Aontas agus ag an Éigipt comhar a neartú mar a léirítear sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, agus an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta***, chomh maith le leasanna comhpháirteacha a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna.***

(7) Á mheabhrú dó na dúshláin gheopholaitiúla ***dhomhanda agus réigiúnacha*** atá ann, amhail ***an ghéarchéim dhaonnúil in Gaza, a d'eascair as iarmhairtí na*** n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023***, an teannas atá ag dul i ngéire i gCorn na hAfraice agus sábháilteacht na loingseoireachta sa Mhuir Rua,*** mar aon leis ***an mbrú imirce ón*** gcoinbhleacht sa tSúdáin, ***an éiginnteacht sa tSúdáin, an éagobhsaíocht sa tSiria, ról na hÉigipte i ndáil le dídean a thabhairt do líon mór dídeanaithe agus imirceach,*** agus tábhacht straitéiseach na hÉigipte mar an tír is mó sa réigiún agus mar chrann taca na cobhsaíochta agus na slándála sa Mheánoirthear mar a ritheann, tá comhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach ***á tabhairt i gcrích ag*** an Aontas leis an Éigipt mar a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas agus ón Éigipt, a síníodh i gCaireo an 17 Márta 2024 (an 'Dearbhú Comhpháirteach').

(8) Is é is cuspóir don chomhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach leis an Éigipt ná comhpháirtíocht straitéiseach a dhéanamh den chaidreamh polaitiúil idir an tAontas agus an Éigipt agus a chur ar a cumas don Éigipt a príomhról i ndáil le cobhsaíocht a chothú sa réigiún***, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh*** a chothú. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirtíocht rannchuidiú le tacú le hathléimneacht mhaicreacnamaíoch na hÉigipte agus a fhágáil gur féidir athchóirithe socheacnamaíocha uaillmhianacha a chur chun feidhme ar bhealach lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear an próiseas athchóirithe dá bhforáiltear faoi chlár sin an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) don Éigipt. Mar a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach, tabharfaidh an chomhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach aghaidh ar shraith leathan beart beartais atá braislithe ar fud sé cholún idirghabhála, eadhon an caidreamh polaitiúil, an chobhsaíocht eacnamaíoch, infheistíocht agus trádáil, an imirce, comhar sa tslándáil agus i bhforfheidhmiú an dlí, an déimeagrafaíocht agus an caipiteal daonna.

***Ba cheart an chomhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach a fhorbairt i gcomhréir le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.***

(9) Mar bhonn taca faoin gcomhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach ***tá*** pacáiste airgeadais EUR 7,4 billiún lena gcuimsítear tacaíocht ghearrthéarmach agus tacaíocht níos fadtéarmaí don chlár oibre um athchóiriú macraifhioscach agus socheacnamaíoch, chomh maith le méideanna méadaithe atá ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí san Éigipt agus tacaíocht spriocdhírithe chun na tosaíochtaí straitéiseacha éagsúla***, lena n-áirítear an fuinneamh athnuaite agus an imirce, i measc cinn eile***, a chur chun feidhme. Cuid den phacáiste tacaíochta is ea pacáiste cúnaimh macrairgeadais ón Aontas, ar fiú suas le EUR 5 bhilliún in iasachtaí é, lena gcuimsítear dhá oibríocht cúnaimh macrairgeadais, oibríocht ghearrthéarmach d'uasmhéid EUR 1 bhilliún agus oibríocht mheántéarmach d'uasmhéid EUR 4 bhilliún. Sa phacáiste airgeadais sin freisin, áirítear ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus ionstraimí cumaisc, a bhfuil sé d'aidhm acu infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh leis an gcuspóir infheistíochtaí suntasacha nua a ghiniúint ***a mbeidh tionchair eacnamaíocha dhearfacha acu a rachaidh chun tairbhe mhuintir uile na hÉigipte***. Comhlánófar é sin le cláir chun tacú le tosaíochtaí sonracha faoin gcomhpháirtíocht straitéiseach agus chuimsitheach trí thionscadail aonair agus cúnamh teicniúil arna gcur chun feidhme faoi ICFCI-ED.

(10) Tá dúshláin shuntasacha ann i leith staid mhacraifhioscach na hÉigipte agus tá meath nach beag tagtha uirthi le roinnt míonna anuas, ós rud é go bhfuil brúnna seachtracha dulta i ndéine agus go bhfuil méadú breise tagtha ar an bhfiachas poiblí, agus tá rioscaí suntasacha neamhfhabhracha don ionchas eacnamaíoch fós ann. Mar thoradh ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar ***an teannas geopholaitiúil agus na coinbhleachtaí geopholaitiúla sa Mheánoirthear***, tá eis-sreafaí caipitil fada agus fáltais airgeadra eachtraigh níos ísle ann, go háirithe mar gheall ar an ioncam ón turasóireacht**,** ar fháltais Chanáil Shuais, ***agus ar an táirgeadh gáis a bheith ag dul i laghad go tobann agus easpa muiníne ann i measc infheisteoirí eachtracha***. Tá sé sin thar a bheith dúshlánach maidir le staid fhioscach dheacair na hÉigipte, arb é is príomhthréith di easnaimh fhioscacha leanúnacha agus cóimheasa idir fiachas agus OTI atá ard agus ag dul i méid. ***D'ainneoin an chomhthéacs sheachtraigh dheacair sin, in 2024, bhí an Éigipt in ann athchóirithe a chur chun feidhme, amhail rátaí malairte a aontú agus dul chun cinn a dhéanamh i leith an beartas airgeadaíochta a dhéanamh níos doichte, chun cuidiú lena cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chaomhnú.***

(11) ***Táthar ag tacú le staid eacnamaíoch agus airgeadais na hÉigipte trí chláir eisíoctha éagsúla de chuid CAI ó bhí 2016 ann. Is iad atá sna cláir sin Saoráid Fhadaithe Chistiúcháin 3 bliana is fiú USD 12 bhilliún a glacadh in 2016, cúnamh airgeadais éigeandála faoin Ionstraim Mhearmhaoiniúcháin is fiú USD 2.8 billiún a glacadh in 2020, Socrú Teannta bliana is fiú USD 5.2 billiún a glacadh in 2020, agus Saoráid Fhadaithe Chistiúcháin 4 bliana is fiú USD 3 bhilliún a glacadh in 2022 agus a méadaíodh go USD 8 mbilliún in 2024.*** Rinne an Éigipt iarrachtaí suntasacha ar athchóirithe a dhéanamh le linn ***na chéad choda dá*** rannpháirtíocht le CAI in 2016-2021. Áiríodh díluacháil airgeadra shuntasach, maille le hathchóirithe ar an mbeartas airgeadaíochta a bhí dírithe ar chonair le haghaidh spriocanna boilscithe, ar na hathchóirithe. Mar aon leis an athchóiriú ar fhóirdheontais breosla, rinneadh córas aistrithe sóisialta spriocdhírithe a neartú go suntasach. Neartaíodh bainistiú an airgeadais phoiblí trí straitéisí bainistithe ioncaim agus fiachais meántéarmacha a fhorbairt. Thosaigh údaráis na hÉigipte freisin ar fheabhas a chur ar rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit.

(12) Tar éis clár leantach de chuid CAI a bheith glactha i mí na Nollag 2022, ní raibh an dul chun cinn i leith athchóirithe chomh suntasach céanna, cé go bhfuil bearta curtha chun feidhme ag an Éigipt chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir cuideachtaí poiblí agus príobháideacha trí dhlí chun deireadh a chur leis na pribhléidí cánach atá ag fiontair atá faoi úinéireacht an stáit, cé go raibh díolúintí ann ar bhonn na slándála náisiúnta, agus trí bheartas úinéireachta stáit a ghlacadh, a bhfuil sé d'aidhm aige láithreacht an Stáit sa gheilleagar, atá fós mór agus saobhach in ainneoin dul chun cinn teoranta a bheith déanta le déanaí, a laghdú, agus an réasúnaíocht atá le rannpháirtíocht leanúnach an Stáit in earnálacha straitéiseacha áirithe a shoiléiriú. Níor chomhlíon an Éigipt an gealltanas a thug sí an t-airgeadra a dhéanamh solúbtha go marthanach in 2023, áfach, rud a d'fhág go raibh ráta malairte oifigiúil ann, a bhí cobhsaí den chuid is mó, mar aon le margadh airgeadra comhthreomhar substaintiúil ina raibh ráta malairte an-dímheasta agus fíorluaineach. Chuir an ilroinnt sin isteach go mór ar an infheistíocht eachtrach agus ar an ngníomhaíocht ghnó intíre.

(13) Chuaigh an Éigipt i dteagmháil an athuair le CAI go luath in 2024 agus thángadar ar chomhaontú, ar leibhéal na foirne, an 6 Márta 2024 ar chlár feabhsaithe um shaoráid fhadaithe chistiúcháin a ardaíodh go USD 8 mbilliún. ***Glacadh*** an clár nua le Cinneadh ó Bhord Feidhmiúcháin CAI an 29 Márta 2024 agus tá sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas: (i) solúbthacht inchreidte sa ráta malairte; (ii) géarú inbhuanaithe ar an mbeartas airgeadaíochta; (iii) comhdhlúthú fioscach chun inbhuanaitheacht an fhiachais a chaomhnú; (iv) creat nua chun srian a chur leis an gcaiteachas ar bhonneagar; (v) leibhéil leormhaithe caiteachais shóisialta a sholáthar chun grúpaí leochaileacha a chosaint, ***lena n-áirítear ar mhéaduithe ar an gcostas maireachtála agus ar phraghas an fhuinnimh***; agus (vi) an beartas úinéireachta stáit agus athchóirithe a chur chun feidhme chun cothrom na Féinne a bhaint amach ***d'fhonn forbairt na hearnála príobháidí sa gheilleagar a chur chun cinn***. In éineacht le síniú an chomhaontaithe ar leibhéal na foirne, d'achtaigh an Éigipt solúbthacht maidir leis an ráta malairte freisin, agus d'ardaigh sí príomhráta beartais an bhainc ceannais go mór de 600 bonnphointe, i gcomhréir le tosaíochtaí an chláir de chuid CAI. ***Thángthas ar chomhaontú, ar leibhéal na foirne, ar an gceathrú hathbhreithniú ar chlár athchóirithe eacnamaíoch na hÉigipte i mí na Nollag 2024 agus chuir Bord Feidhmiúcháin CAI bailchríoch ar an athbhreithniú i mí an Mhárta 2025.***

(14) I bhfianaise an staid eacnamaíoch a bheith ag dul in olcas agus an t-ionchas a bheith doiléir mar gheall ar rioscaí substaintiúla neamhfhabhracha i ndáil le suaitheadh seachtrach leanúnach, d'iarr an Éigipt cúnamh macrairgeadais comhlántach ar an Aontas an 12 Márta 2024.

(15) Ós rud é gur tír í an Éigipt a chumhdaítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ba cheart a mheas go bhfuil sí incháilithe chun cúnamh macrairgeadais ón Aontas a fháil.

(16) Is é ba cheart a bheith sa chúnamh macrairgeadais ón Aontas don Éigipt ná ionstraim eisceachtúil lena dtugtar tacaíocht neamhcheangailte agus neamhshannta do chomhardú na n-íocaíochtaí, agus é d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin sheachtraigh na hÉigipte, agus ba cheart é a bheith ina bhonn le clár beartais a chur i bhfeidhm, ina bhfuil bearta práinneacha láidre maidir le coigeartú agus athchóiriú struchtúrach atá ceaptha chun an staid i dtaca le comhardú íocaíochtaí na hÉigipte a fheabhsú.

(17) Ós rud é go bhfuil bearna maoinithe sheachtraigh iarmharach shuntasach fós ann i gcomhordú íocaíochtaí na hÉigipte de bhreis agus de bharr ar na hacmhainní arna soláthar ag CAI agus ag institiúidí iltaobhacha ***agus comhpháirtithe réigiúnacha*** eile, meastar an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheidh le soláthar don Éigipt a bheith, sna himthosca eisceachtúla atá faoi láthair ann, ina fhreagairt iomchuí ar iarraidh na hÉigipte ar an Aontas tacú le cobhsú eacnamaíoch na hÉigipte, i gcomhar leis an gclár de chuid CAI. ***Tá sé d'aidhm ag*** pacáiste cúnaimh macrairgeadais ***EUR 5 bhilliún***ón Aontas, lena n-áirítear cúnamh macrairgeadais suas le EUR 4 bhilliún faoin gCinneadh seo, tacú le cobhsú eacnamaíoch agus clár athchóirithe struchtúraigh na hÉigipte, agus fós na hacmhainní arna gcur ar fáil faoin gclár de chuid CAI a fhorlíonadh. Rinneadh ***an chéad chuid den phacáiste,*** i.e. iasacht cúnaimh macrairgeadais ***dar luach EUR 1 bhilliún, a scaoileadh i mí na Nollag 2024 tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh.***

(18) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith dírithe ar thacú le staid inbhuanaithe maoinithe sheachtraigh a athbhunú san Éigipt, rud a d'fhágfadh go dtacófaí le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre. ***Trí chobhsaíocht agus rathúnas a chothú ina Chomharsanacht, d'fhéadfaí,*** trí chúnamh macrairgeadais ón Aontais a sholáthar ***don Éigipt, rannchuidiú le fás agus athléimneacht eacnamaíoch an Aontais freisin.***

(19) Ba cheart méid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chinneadh ar bhonn measúnú cainníochtúil iomlán ar na riachtanais mhaoiniúcháin sheachtraigh na hÉigipte atá fós ann, agus ba cheart cumas na hÉigipte í féin a mhaoiniú lena hacmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta atá ar fáil di, a chur i gcuntas ann. Is cuid d'iarracht chomhpháirteach idirnáisiúnta é an cúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena ndéanfar na cláir agus na hacmhainní arna soláthar ag CAI agus ag an mBanc Domhanda a chomhlánú go héifeachtach. Agus méid an chúnaimh á chinneadh, ba cheart na ranníocaíochtaí airgeadais ionchasacha ó dheontóirí iltaobhacha agus an gá atá lena áirithiú go gcomhroinnfear an t-ualach go cothrom idir an tAontas agus deontóirí eile, chomh maith leis an úsáid atá á baint cheana as ionstraimí maoiniúcháin sheachtraigh eile an Aontais san Éigipt agus an breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht fhoriomlán an Aontais san Éigipt, a chur i gcuntas freisin.

(20) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas i gcomhréir, ó thaobh dlí agus substainte de, leis na príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí a bhaineann le réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí, le bearta arna nglacadh i ndáil leis na réimsí sin, agus le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais ***agus le luachanna an Aontais, amhail an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta***.

(21) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas tacú le beartas seachtrach an Aontais i leith na hÉigipte. Ba cheart don Choimisiúin agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile i rith oibríocht an chúnaimh macrairgeadais chun beartas seachtrach an Aontais a chomhordú, agus chun comhsheasmhacht an bheartais sin a áirithiú.

(22) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas tacú leis an ngealltanas atá tugtha ag an Éigipt luachanna atá i gcoiteann aici leis an Aontas a chothú, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas, urraim do chearta an duine, an fhorbairt inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta, agus leis an ngealltanas atá tugtha aici maidir le prionsabail na trádála oscailte, riailbhunaithe agus cothroime freisin.

(23) Ba cheart é a bheith ina réamhchoinníoll chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt go leanfadh an Éigipt de bheith ag déanamh céimeanna nithiúla**,** inchreidte ***agus inláimhsithe*** i dtreo sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, agus an smacht reachta a urramú, agus i leith urraim do chearta an duine ***a ráthú***. Sa bhreis air sin, le cuspóirí sonracha an Aontais ó thaobh cúnamh macrairgeadais de, ba cheart éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Éigipt a neartú, mar aon le rialachas na hearnála airgeadais san Éigipt, agus an mhaoirseacht a dhéantar uirthi, a neartú agus ba cheart athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar thacú le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, le cruthú fostaíochta cuibhiúla, agus leis an gcomhdhlúthú fioscach, a chur chun cinn. Ba cheart don Choimisiún agus do SEGS faireachán tráthrialta a dhéanamh ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin agus ar bhaint amach na gcuspóirí sonracha sin.

(24) ***Tá an nasc idir cúnamh macrairgeadais ón Aontas agus clár eisíoca de chuid CAI atá ar an mbóthar ceart, agus a chreat macraifhioscach láidir agus dian-anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais, ina dheimhniú ar chumas aisíocaíochta na hÉigipte. Sa bhreis air sin,*** chun a áirithiú go gcosnófar, ar bhealach éifeachtúil, leasanna airgeadais sin an Aontais atá nasctha leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart don Éigipt bearta iomchuí a dhéanamh a bhaineann le calaois, éilliú agus aon neamhrialtachtaí eile i dtaca leis an gcúnamh a chosc agus a chomhrac. ***Tá bainistiú trédhearcach na gcistí a leithdháiltear faoi chúnamh macrairgeadais ón Aontas fíor-riachtanach.*** Sa bhreis air sin, ba cheart forálacha a bheith i gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte lena n-údaraítear don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/966 ón gComhairle[7], agus lena n-údaraítear don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh agus lena n-údaraítear d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a hinniúlachtaí a fheidhmiú maidir le cúnamh macrairgeadais ón Aontas a sholáthar le linn thréimhse infhaighteachta an chúnaimh sin agus ina diaidh**.**

---

6 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

7 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

(25) Ní dochar scaoileadh an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina gcáil mar údarás buiséadach.

(26) Ba cheart méideanna an tsoláthair a theastaíonn don chúnamh macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí a bheith i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséadacha dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

(27) Is é an Coimisiún ar cheart dó cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bhainistiú. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Chinnidh seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí a bhaineann leis an gcúnamh sin agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

***(28) Ba cheart a chuimsiú sa tuarascáil bhliantúil ar cur chun feidhme an Chinnidh seo faisnéis faoi na céimeanna nithiúla, inláimhsithe agus inchreidte arna ndéanamh ag an Éigipt i dtreo sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, agus an smacht reachta a urramú, agus i leith urraim do chearta an duine a ráthú.***

(29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(30) Ba cheart cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith faoi réir coinníollacha beartais eacnamaíoch, a bheidh le leagan amach i meabhrán tuisceana. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidliú le húdaráis na hÉigipte faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta comhairliúcháin, mar riail ghinearálta, sna cásanna uile seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a d'fhéadfadh a bheith ag cúnamh atá os cionn EUR 90 milliún, is iomchuí go ndéanfaí an nós imeachta scrúdúcháin mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a úsáid le haghaidh oibríochtaí atá os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas don Éigipt, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin sin maidir le glacadh an mheabhráin tuisceana, agus maidir le haon chás ina ndéanfaí an cúnamh sin a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin sheachtraigh na hÉigipte a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(32) Ionas gur féidir cúnamh macrairgeadais a sholáthar don Éigipt go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirfidh an tAontas cúnamh macrairgeadais ***i bhfoirm iasachtaí*** EUR 4 bhilliún ar a mhéid ar fáil don Éigipt (an 'cúnamh macrairgeadais ón Aontas'), d'fhonn tacú le cobhsú gheilleagar na hÉigipte agus le clár substainteach um athchóiriú. Beidh scaoileadh an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas faoi réir ghlacadh bhuiséad an Aontais don bhliain ábhartha ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, rannchuideofar leis na riachtanais i leith chomhardú íocaíochtaí na hÉigipte mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chumhdach.

2. Chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais agus iad a thabhairt ar aghaidh ar iasacht don Éigipt.

3. Bainisteoidh an Coimisiún scaoileadh an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí arna dtabhairt i gcrích idir CAI agus an Éigipt, agus le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí na n-athchóirithe eacnamaíocha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi fhorbairtí maidir le cúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear eisíocaíochtaí an chúnaimh sin, agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstitiúidí sin in am trátha.

4. Déanfar an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fáil go ceann tréimhse 2 bhliain go leith, ag tosú ón gcéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an mheabhráin tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

5. Más rud é, le linn na tréimhse ina mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas á eisíoc, go dtagann laghdú suntasach ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÉigipte i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin tosaigh, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), méid an chúnaimh a laghdú nó cuirfidh sé an cúnamh ar fionraí nó ar ceal.

Airteagal 2

1. Beidh ina réamhchoinníoll chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt go leanfadh an Éigipt de bheith ag déanamh céimeanna nithiúla agus inchreidte i dtreo sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, agus an smacht reachta a urramú, agus i leith urraim do chearta an duine ***a ráthú*** freisin.

2. Déanfaidh an Coimisiún agus SEGS faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach i mír 1 i rith shaolré an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[9].

Airteagal 3

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún, i gcomhar le húdaráis na hÉigipte, coinníollacha dea-shainithe beartais eacnamaíoch agus airgeadais, lena ndíreofar ar athchóirithe struchtúracha agus airgeadas poiblí fónta, a mbeidh cúnamh macrairgeadais ón Aontas le bheith faoina réir. Déanfar na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais sin a leagan amach i meabhrán tuisceana ina mbeidh clár ama chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh. Beidh na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais sin i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú maicreacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Éigipt le tacaíocht ó CAI.

---

9 Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj).

2. Beidh sé d'aidhm ag na coinníollacha ***beartais eacnamaíoch agus airgeadais*** dá dtagraítear i mír 1, go háirithe, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Éigipt a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a úsáid. Nuair a bheidh bearta beartais á gceapadh, tabharfar aird chuí freisin ar an dul chun cinn i leith oscailt fhrithpháirteach an mhargaidh, ***lena n-áirítear i gcomhair fiontair bheaga agus mheánmhéide,*** ar fhorbairt trádála riailbhunaithe agus cothroime, ***ar an bhforbairt inbhuanaithe, ar dhea-rialachas***, agus ar thosaíochtaí eile i gcomhthéacs bheartas seachtrach an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Éigipt i leith na cuspóirí sin a bhaint amach.

3. Leagfar síos na téarmaí mionsonraithe airgeadais a ghabhann leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas i gcomhaontú iasachta a bheidh le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte (an 'comhaontú iasachta') i gcomhréir le hAirteagal 223 de Rialachán (AE, Euratom) ***2024/2509 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[10]***(***'an Rialachán Airgeadais').

4. Fíoróidh an Coimisiún, go tráthrialta, go bhfuiltear ag leanúint de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil beartais eacnamaíocha na hÉigipte i gcomhréir le cuspóirí an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas. Chun críocha an fhíoraithe sin, beidh an Coimisiún ag comhordú go dlúth le CAI agus leis an mBanc Domhanda agus, i gcás inar gá, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

---

**10** Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Airteagal 4

1. Faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, cuirfidh an Coimisiún cúnamh macrairgeadais ón Aontas ar fáil i dtráthchodanna. Déanfar méid gach ceann de na tráthchodanna sin a leagan amach sa mheabhrán tuisceana. Féadfar tráthchuid a eisíoc i dtráinse amháin nó níos mó.

2. I gcás inar gá, soláthrófar méideanna an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas arna gcur ar fáil i bhfoirm iasachtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/947.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le scaoileadh na dtráthchodanna faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

(a) an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(1);

(b) teist leanúnach shásúil maidir le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí i bhfeidhm bearta láidre maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, clár beartais a fhaigheann tacaíocht ó shocrú creidmheasa CAI nach socrú réamhchúraim é; agus

(c) na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais arna gcomhaontú sa mheabhrán tuisceana a chur chun feidhme go sásúil.

Ní dhéanfar an dara tráthchuid a scaoileadh, i bprionsabal, tráth is luaithe ná 3 mhí tar éis an chéad tráthchuid a scaoileadh. Ní dhéanfar an tríú tráthchuid a scaoileadh, i bprionsabal, tráth is luaithe ná 3 mhí tar éis an dara tráthchuid a eisíoc.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 3, an chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún eisíoc an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. Sna cásanna sin, cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ***gan mhoill*** na cúiseanna a bhí aige leis an bhfionraí nó leis an gcealú.

5. Is le Banc Ceannais na hÉigipte a eisíocfar an cúnamh macrairgeadais ón Aontas. Faoi réir na bhforálacha comhaontaithe a leagtar amach sa mheabhrán tuisceana, lena n-áirítear deimhniú na riachtanas maoiniúcháin sheachtraigh atá fós ann, féadfaidh Banc Ceannais na hÉigipte cistí an Aontais a aistriú chuig Aireacht Airgeadais na hÉigipte ina cáil mar an tairbhí deireanach.

Airteagal 5

1. Chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas i bhfoirm iasachtaí a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal ***224*** den Rialachán Airgeadais.

2. Déanfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) leis an Éigipt i ndáil leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 1. Leagfar síos sa chomhaontú iasachta tréimhse infhaighteachta agus téarmaí mionsonraithe an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear i ndáil leis na córais rialaithe inmheánaigh. ***Aisíocfaidh an Éigipt an iasacht, a dheonófar*** ar théarmaí a fhágfaidh go bhféadfar ***í a aisíoc*** thar thréimhse fhada, lena n-áirítear tréimhse chairde fhéideartha. 35 bliana a bheidh in uasfhad na hiasachta. ▌

***3.*** Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi fhorbairtí i dtaca leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír ***2***.

Airteagal 6

1. Cuirfear cúnamh macrairgeadais ***ón*** Aontas chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. Is faoi bhainistiú díreach a dhéanfar cúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur chun feidhme.

3. Sula gcuirfear cúnamh macrairgeadais ón Aontas chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún measúnú, trí bhíthin measúnú oibríochtúil, ar a fhónta atá socruithe airgeadais, nósanna imeachta riaracháin agus sásraí rialaithe inmheánaigh agus sheachtraigh sin na hÉigipte is ábhartha don chúnamh.

Airteagal 7

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 8

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil sin, déanfar an méid seo a leanas:

(a) scrúdófar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur chun feidhme;

(b) déanfar staid eacnamaíoch agus ionchais eacnamaíocha na hÉigipte a mheasúnú, mar aon leis an dul chun cinn a bheidh déanta i dtaca leis na bearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur chun feidhme;

(c) sonrófar an nasc idir na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach sa mheabhrán tuisceana, feidhmíocht leanúnach eacnamaíoch agus fhioscach na hÉigipte agus cinntí an Choimisiúin tráthchodanna an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a scaoileadh***, agus na céimeanna nithiúla agus inchreidte arna nglacadh chun sásraí daonlathacha agus an smacht reachta a urramú, agus chun cearta an duine a ráthú, á leagan amach ag an am céanna***.

2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dhul in éag na tréimhse infhaighteachta dá dtagraítear in Airteagal 1(4), cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus éifeachtúlacht an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnaimh a bhaint amach.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |